
# E



10 - Ag úsáid mata
11 - Spraoi a bhaint as mata

# Clár



| | |
|---|---|
| Labhair faoi mhata | 2 |
| Na mata chuile lá | 3 |
| Tabhair cúnamh do do ghasúr leis na mata | 4-5 |
| Béim ar na mata | 6 |
| Na mata sa mbaile | 7 |
| Tuilleadh gníomhaíochtaí a bhfuil mata iontu | 8 |
| Ag foghlaim as cluichí | 9 |
| Cluichí cártaí | 10-10a |
| Cluichí boird | 11 |
| Cluiche boird | 12 |
| An spinéar | 13 |
| Míreanna Mearaí | 14 |
| Ag imirt cluichí | 15 |


# Labhair faoi mhata

Tá tú in ann go leor focla a bhaineann le mata a mhúineadh do do ghasúr. Labhair faoi:


### Am





### Meáchan



### Tomhas




### Méid



### Ord



### Treo



- Tabhair spreagadh do do ghasúr rudaí nach bhfuil mar a chéile a phiocadh amach agus rudaí atá mar a chéile a phiocadh amach.
- Déan scéilíní faoi na mata.
- Pioc amach focla a bhaineann le mata atá ar lipéid agus ar chomharthaí.
- Tabhair cúnamh do do ghasúr na focla a bhaineann leis na mata a bheas uaidh ar scoil, a fhoghlaim.

# Na mata chuile lá

Bainimid úsáid as mata le chuile chineál ruda dá ndéanaimid.

**Cuimhnigh ar chúpla rud a dhéanann tú féin agus do ghasúr chuile lá.**
Cén chuid díobh sin a mbíonn mata iontu?

**Cuimhnigh ar ghníomhaíochtaí spraoi.**
Céard iad na scileanna mata a mbaineann tú úsáid astu agus tú ag déanamh spraoi?

**Cuimhnigh ar rannta beaga, ar amhráin agus ar scéalta.**
Cén chaoi a mbaintear úsáid as mata sna gníomhaíochtaí seo?

**Cuimhnigh ar a dhul ag siúlóid thart faoin mbaile mór.**
Céard iad na samplaí den mhata a bheadh le feiceáil agat?

- An úsáideann tú figiúirí?
- An gcuireann tú rudaí in ord?
- An scarann tú rudaí óna chéile?
- An gcuireann tú rudaí difriúla astu féin?
- An dtomhaiseann tú amach meáchain?
- An mbaineann tú úsáid as treoracha?
- An gcomhaireann tú rudaí?
- An gcuireann tú rudaí i gcomparáid lena chéile?
- An meaitseálann tú rudaí?
- An úsáideann tú tomhas?
- An oibríonn tú amach an t-am?
- An measann tú cruthanna?

**Is gníomhaíochtaí mata iad seo uilig.**

# Tabhair cúnamh do do ghasúr leis na mata

Foghlaimíonn gasúir go leor faoi mhata sula dtéann siad ar scoil díreach mar a fhoghlaimíonn siad go leor faoi léitheoireacht agus faoi scríbhneoireacht. Foghlaimíonn gasúir go sciobtha go bhfuil ciall agus cúis le mata mar go bhfeiceann siad a dtuismitheoirí ag úsáid figiúirí agus mar go gcloiseann siad iad ag caint faoi fhigiúirí.

Tá cúpla moladh anseo duit le cabhrú le do ghasúr leis na mata:

**Úsáid figiúirí**

Teastóidh uaidh comhaireamh a bheith cleachtaithe go maith aige sula mbeidh sé in ann greim a fháil ar chiall na bhfigiúirí.

- Pioc amach na figiúirí uilig atá ina thimpeall dó: cloganna, féilirí, comharthaí, &rl.
- Comhairigh, comhairigh agus coinnigh ort ag comhaireamh: 'Cé mhéid lego agat?' 'Cé mhéid milseán a fuair tú?' 'An bhféadfá trí úll a fháil dom?'
- Déan cur le chéile simplí: 'Fan go bhfeicfidh mé anois, chuir mé briosca amháin i do bhosca lóin agus tá mé ag tabhairt ceann amháin eile duit anois. Cé mhéid ceann agat anois?'
- Déan baint ó chéile simplí: 'Tá trí ispín istigh sa gcuisneoir ach tá mé ag tógáil ispín amháin liom go mbeidh sé agat le do tae. Cé mhéid ispín a bheas fágtha?'

**Breathnaigh ar phatrúin, ar mheaitseáil agus ar shórtáil**

- Taispeáin patrúin do do ghasúr: 'Tá patrún deas sna stríocaí atá ar do léine – dearg, gorm, uaithne, dearg, gorm, uaithne'. Iarr ar an ngasúr coinneáil air leis an bpatrún.
- Cuireadh an bheirt agaibh in éindí na héadaí nite de leataobh. Lig don ghasúr na stocaí a mheaitseáil.
- Tabhair cúnamh dó na hearraí bia atá ceannaithe agat a shórtáil trína gcur sa gcófra ceart.

**Cleachtadh ar spás**

- Tabhair cead dó dul ag spraoi le soithí beaga agus soithí móra fad is atá sé sa bhfolcadán.
- Faigh boscaí beaga míreanna mearaí dó.
- Labhair faoi chlé agus deas.

# Tabhair cúnamh do do ghasúr leis na mata

**Labhair faoi mata**

- Úsáid focla le rudaí a chur i gcomparáid le chéile: 'Cé acu tráta is mó?' 'Cén bosca gráin bhricfeasta is airde?'
- Cas amhráin a bhfuil figiúirí iontu:
- Úsáid rannta a bhfuil uimhreacha iontu: 'Andaí Leisciúil', 'Aon , Dó, Muc is Bó'.
- Léigh scéalta a bhfuil figiúirí iontu: **'Na Trí Mhuicín'**.


**Labhair faoi am**

- Croch féilire suas in áit a bhfeicfidh do ghasúr go héasca é. Tagair dó agus tú ag labhairt faoi laethanta na seachtaine. Tarraing aird ar an am trí bheith ag cur crosóga ar an méid laethanta atá le dul go dtí go mbeidh laethanta breithe nó laethanta speisialta ann.
- Múscail suim an ghasúir san am trína aird a tharraingt ar fhigiúirí agus ar am an chloig.
- Úsáid eolaí teilifíse chun eolas a fháil faoi na cláracha is fearr leis.

**Bain úsáid as airgead**

- Lig do do ghasúr breathnú ar na praghsanna a bhíonn ar na hearraí le linn duit a bheith ag siopadóireacht.
- Labhair faoi chostas na n-earraí. Cuir earraí i gcomparáid le chéile: '25c an ceann atá ar úlla agus 15c atá ar oráistí. Feictear dom gur cheart dúinn oráistí a cheannacht.'
- Socraigh suas siopa bréige don ghasúr. Bailigh roinnt pacáistí agus cannaí folmha agus roinnt málaí le hiad a iompar. Úsáid airgead spraoi nó airgead ceart.

# Béim ar na Mata




Ainm

Aois

**Déan cóipeanna do na gasúir de réir mar is gá.**

# Na mata sa mbaile

Cén ghníomhaíocht mhata ar bhain tú triáil aisti an tseachtain seo?

Cé mar a thaithnigh an tréimhse sin leat féin agus le do ghasúr?

Cén cineál gníomhaíochtaí eile ar mhaith leat triáil a bhaint astu?

Céard a thug tú faoi deara faoin scil a léirigh do ghasúr sa mhata de bharr a bheith ag úsáid '**Béim ar na Mata**'?

An bhfuil aon scil eile a mholfá a chur le '**Béim ar na Mata**'?

# Tuilleadh gníomhaíochtaí a bhfuil mata iontu

A bheith ag

- Comhaireamh méaracha na gcos agus na lámh
- Ag spraoi le snáithe agus le spólanna snáithe
- Ag obair i siopa
- Ag gléasadh suas na mbéiríní agus na mbabóg
- Ag dul i bhfolach
- Ag déanamh tí nó campa
- Ag spraoi le gaineamh nó uisce
- Ag imirt chleas na bacóide
- Ag cur bréagán in ord
- Ag cur leabhra gearrthóga i dtoll a chéile
- Ag déanamh cártaí
- Ag cur tomhaiseanna

Do chuid smaointe féin:

# Ag foghlaim as cluichí

Céard a fhoghlaimíonn gasúir as cluichí?

## Scileanna sóisialta

- treoracha a leanacht
- babhtáil thart
- foighid
- oibriú i bhfoireann
- labhairt agus éisteacht
- a bheith in ann glacadh le bua agus le cailleadh
- glacadh le freagracht

## Scileanna cuimhne

- tabhairt faoi deara
- aird a dhíriú
- scileanna cuimhne
- pleanáil
- straitéis a leagan amach
- cinneadh a dhéanamh
- dul siar

## Scileanna léitheoireachta agus Scríbhneoireachta

- litreacha agus focla a aithint
- cruthanna agus siombail a aithint
- fuaimeanna agus rithimí a chloisteáil
- rudaí a chur in ord
- úsáid a bhaint as ord na haibítre

## Scileanna Mata

- figiúirí a aithint
- dathanna a aithint
- comhaireamh
- sórtáil agus meaitseáil
- úsáid a bhaint as ord na bhfigiúirí
- ag meas scileanna



# Cluichí cártaí

| | |
|---|---|
| Na hÁbhair | Teastóidh cairtchlár (boscaí gráin bhricfeasta), rialóir, siosúr, stionsail nó pictiúir eile agus marcóirí uait. |
| Treoracha | Tomhais do chairtchlár. Ansin gearr roinnt cártaí ar aon mhéid amach as.<br>Tarraing rud amháin nó rianaigh rud amháin nó priontáil rud amháin ar chaon chárta sa gcaoi go mbeidh péire de chuile rud agat agus go mbeidh trí shraith díobh agat. |
| Samplaí | Úlla, oráistí, bananaí; cairéid, fataí, píseanna; bróga, bróga báistí, bróga reatha, sceanna, forcanna, spúnóga, tarracóir, carr, leoraí. |
| An imirt | Beidh tú in ann trí chineál de chluichí difriúla ar a laghad, a imirt leis na cártaí seo: |
| Seo linn ag iascaireacht | Bíonn trí chárta an duine ag chuile dhuine. Scaiptear thart na cártaí i gcosúlacht locháin. 'Séard atá le déanamh triáil a bheith ar an gcéad duine a mbeadh trí chineál cárta á meaitseáil aige. Piocann na himreoirí cárta amach as an lochán, duine ar dhuine. Féadfar an cárta seo a mheaitseáil le ceann atá sa láimh cheana, é a chaitheamh isteach sa lochán arís nó é a choinneáil agus ceann a chaitheamh amach ina áit. Caithfear na péirí a iompú ar an mbord le go bhfeicfidh chuile dhuine an péire atá ag dul le chéile. 'Sé an chéad duine a mbeidh trí phéire curtha le chéile aige a bhuafas. |

# Cluichí cártaí

| | |
|---|---|
| 1, 2, 3 Amach leat | Is gearr le **Seo linn ag iascaireacht** é seo ar bhealach ach gurb é atá i gceist ná péire a phiocadh amach as an lochán (úll, oráiste, banana). 'Sé an chéad duine a mbeidh trí phéire curtha le chéile aige a bhuafas. |
| Péirí | Leagtar síos na cártaí i bhfoirm dronuilleoige (m.sh. ocht gcinn trasna agus trí cinn síos). Iompaíonn na himreoirí dhá chárta duine ar dhuine. Más péire iad atá ag dul le chéile coinníonn sé iad. Murab ea leagann sé síos arís iad. Leantar ar aghaidh mar seo go dtí go mbíonn na cártaí ar fad ina bpéirí. 'Sé an duine is mó a mbíonn péirí aige a bhuann. |

**Bainfidh gasúir atá níos sine sásamh as a bheith ag foghlaim cluichí cártaí ach paca ceart cártaí a bheith acu.**

# Cluichí Boird

Na hÁbhair

Patrúin do chluiche boird agus spinéar, cairtchlár (boscaí gráin bhricfeasta), licíní.

Treoracha

Cuimhnigh ar ábhar le haghaidh do chluiche. Ansin tarraing imlíne den ábhar seo ar an mbosca.

Samplaí

Le cluiche an tsiopa a imirt mar shampla, líon suas na spásanna folmha le pictiúir de chineálacha éagsúla bia nó le pictiúir de shiopaí agus de lógóanna.

Le cluiche an zú a imirt líon suas na spásanna folmha le pictiúir de na hainmhithe is coitianta atá ar eolas agus a bhíonn sa zú, mar shampla, eilifintí, moncaithe, tiogair &rl.

Le cluiche faoin mbaile mór a imirt líon suas na spásanna le pictiúir d'áiteacha a bheadh sa mbaile mór, mar shampla scoil, séipéal, oifig an phosta &rl.

An chaoi lena imirt


Castar an spinéar agus bogtar an licín chun cinn pé ar bith uimhir spásanna atá ar an spinéar. Nuair a stopann an t-imreoir ar spás a bhfuil pictiúr air caithfidh sé ceist a fhreagairt faoin bpictiúr.


Mar shampla

Cluiche an zú - stopann an t-imreoir ar phictiúr den eilifint; fiafraíonn an tuismitheoir: 'Cén dath atá ar eilifint?'


Má bhíonn an freagra ceart aige bíonn seans eile ag an imreoir.


'Sé an t-imreoir is túisce a thagann chuig deireadh an cluiche a bhuann an cluiche.






Déan cóipeanna de réir mar is gá







Déan cóipeanna de réir mar is gá

# Míreanna Mearaí

| | |
|---|---|
| Na hÁbhair | Beidh cairtchlár uait (boscaí gráin bhricfeasta), pictiúir (grianghrafanna teaghlaigh a mbeadh cóipeanna déanta díobh agus iad méadaithe, pictiúir as irisí, pictiúir deartha, pictiúir as Clipart), gliú, siosúr. |
| An chaoi lena dhéanamh | Pioc amach pictiúr, gearr amach é ansin greamaigh den pháipéar é le gliú. Fág cúpla nóiméad é go dtriomóidh sé. Gearr síos an páipéar le go dtiocfaidh sé díreach leis an bpictiúr. Gearr i bpíosaí ar chruthanna éagsúla mar a bhíonn ar phuzail mhíreanna mearaí. |
| An chaoi lena imirt | Déanann na gasúir iarracht na cruthanna éagsúla a mheaitseáil lena chéile agus leis an bpictiúr chun an puzail a oibriú amach. |

Nuair nach dóthain dúshláin atá anseo dóibh féadfaidh tú na píosaí a bheith níos lú, nó féadfaidh tú píosaí as dhá sheit puzail a mheascadh trína chéile agus iarraidh ar an ngasúr an dá phuzail a oibriú amach.



# Ag imirt cluichí

Cén cluiche a d'imir tú le do ghasúr?

Ar imir daoine eile as an gclann an cluiche in éindí libh?

Céard iad na scileanna mata a d'úsáid an gasúr agus é ag imirt?

Ar theastaigh láimh ón ngasúr le cuid ar bith den chluiche? Céard a rinne tusa?

An mbíonn mata ag do ghasúr i gcluichí eile nó i ngníomhaíochtaí eile spraoi?
Scríobh síos cúpla sampla.



## Canúint Chonnacht

Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819

Breacadh
NDP
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science